

## Cuir chuige chruthaitheacha i leith measúnú in OSPS/OCG

### Cén fáth a bhfuil tábhacht leis an measúnú in OSPS/OCG?

Is chun tairbhe an mhúinteora agus an scoláire araon é go dtugtar deiseanna don scoláire a fhoghlaim a léiriú.

- Don mhúinteoir - tugann sé muinín duit gur tharla an fhoghlaim, gur féidir leat forás a dheimhniú, agus chun éilimh foghlama amach anseo a aithint.
- Don scoláire - cruthaítear feacht ar fhorbairt a chuid eolais, a dheartháir agus a scileanna leis, tugann sé comhartha ar luach na foghlama in OSPS agus méadaítear a spreagadh d'fhoghlaim bhreise leis.

***Is éifeachtaí an measúnú nuair a théann sé níos faide ná marcanna agus gráid, agus díreann an tuairisciú ní hamháin ar an gcaoi ar éirigh leis an scoláire roimhe sin ach freisin ar na chéad chéimeanna eile le haghaidh na foghlama amach anseo.***

**- Sonraíocht do gearrchúrsa  
OSPS sa tSraith Shóisearach**

Is é príomhchuspóir an mheasúnaithe tacú leis an bhfoghlaim. Táthar ag súil go ndéanfar an chuid is mó den mheasúnú in OSPS istigh sa seomra ranga agus gur measúnú múnlaiteach a bheidh ann. Beidh sé ríthábhachtach a bheith soiléir faoin gcuspóir a bhaineann le gníomhaíocht mheasúnaithe ar bith óir go gceadaíonn sé sin duit an sprioc a chomhroinnt le do scoláirí agus aiseolas ábhartha a sholáthar.

Is le planáil an mheasúnaithe leanúnaigh in OSPS a cheadaítear duitse, an múinteoir, agus do do scoláirí a bheith rannpháirteach i gcomhráite leanúnacha faoina bhfoghlaim.

### Measúnú leanúnach – cén chuma atá air?

Ní bhaineann an measúnú in OSPS le tascanna a shocrú d'fhonn teist marcanna a charnadh. Ná ní bhaineann sé le múinteoirí a bheith ag measúnú cén áit atá bainte amach ag an scoláire ar chontanam na folláine ná breithiúnas a dhéanamh maidir le folláine cholanda, shóisialta ná mhothúchánach an scoláire. Tugtar aird sa mheasúnú ar chead a thabhairt don scoláire léiriú a thabhairt ar an eolas, ar na scileanna agus na héirimí atá gnóthaithe aige trína rannpháirtíocht san fhoghlaim in OSPS.

Ba chóir go soláthrófaí deiseanna leis na gníomhaíochtaí measúnaithe le measúnú a dhéanamh:

- ar mhéadú eolais (Bhí a fhios agam ... roimhe seo, tá a fhios agam ... anois)
- ar mhéadú tuisceana (Bhí a fhios agam riamh anall ... ach feicim na naisc atá ann anois idir é féin agus ... agus feicim anois an chaoi a bhféadfainn leas a bhaint as sin i mo shaol féin)
- ar athrú nó athdhearbhú creidimh/dearcaidh éigin (Cheapainn ... ach ceapaim anois ...)
- ar scileanna cumarsáide feabhsaithe (Déarfainn roimhe seo ... ach deirim anois ...)
- ar scileanna/inniúlachtaí méadaithe (Ní raibh a fhios agam roimhe seo ... ach tá a fhios agam anois conas ...)
- ar straitéisí nua a gnóthaíodh (Ní bheadh cur amach agam air roimhe seo ... ach anois tá bealaí nua/níos éifeachtaí agam chun ...)
- ar bharúlacha a athraíodh nó a raibh amhras fúthu (Shíl mé roimhe seo go ... ach tuigim anois ...) <sup>1</sup>

Agus meabhraigh nach gá gach aon ní a mheasúnú. Ní theastaíonn uait ach cuidiú leis an scoláire chun fianaise ar a aistear foghlama a léiriú.

<sup>1</sup> Curtha in oiriúint ó threoir a d'fhoilsigh an Cumann PHSE, An Ríocht Aontaithe

## Cuir chuige chruthaitheacha i leith measúnú in OSPS/OCG

### Cuir chuige shamplacha i leith measúnú leanúnach

Tá **Ceisteanna** ar cheann de na huirlisí is cumhachtaí le measúnú a dhéanamh ar an bhfoghlaim, go háirithe má smaoiníonn tú go cúramach faoin gcineál ceisteanna a chuireann tú. Pleanáil do cheisteanna agus cuideoidh sé sin ansin leat an ceistiú a dhéanamh ar bhealach níos dírithe agus níos éifeachtaí. Ardaigh caighdeán do cheisteanna agus déan machnamh faoin gcuspóir a bhaineann leo. Má theastaíonn uait eolas nó cuimhne an scoláire a sheiceáil, cuir ceisteanna iata (.i. ceist a bhfuil freagra ceart uirthi). Má theastaíonn uait a thuiscint a scrúdú nó smaointeoireacht a ghrósadh, cuir ceisteanna oscailte. **Féach Fócas ar an bhFoghlaim: Ceistiú Éifeachtach**

### Na sé tháscaire folláine a úsáid

Agus measúnú ar bun ar an méid a d'fhoghlaim an scoláire, is féidir spreagadh a thabhairt dó dul níos sia ná bunsmainteoireacht faoin eolas nó faoin bhfaisnéis, agus tugtar deis dó machnamh a dhéanamh ar an gcaoi ar forbraíodh príomhscileanna sonracha trína fhoghlaim. Is féidir na sé tháscaire – Gníomhach, Freagrach, Ceangailte, Athléimneach, Meas agus Feasach – a úsáid sa chomhthéacs sin chun tacú le machnamh agus féinmheasúnú leanúnach an scoláire ar an bhfoghlaim. Mar shampla, ag deireadh ranga, aonaid nó téarma scoile, is féidir leis an scoláire na táscairí a úsáid chun machnamh a dhéanamh

- ar an bhfoghlaim thábhachtach atá déanta aige faoin bhfolláine
- ar na táscairí ar ghnóthaigh sé an forás is mó leo tríd an bhfoghlaim in OSPS
- na táscairí ar mhian leis dul chun cinn a dhéanamh orthu agus conas a d'fhéadfaí é sin a dhéanamh.

### Coinnigh simplí é!

Bíonn sé áisiúil ar uairibh mearthástáil a dhéanamh ar fhoghlaim an scoláire. Is féidir é sin a dhéanamh ag deireadh ceachta ach iarraidh ar an scoláire freagraí a thabhairt ar leideanna amhail:

D'fhoghlaim mé inniu... An rud is fóintí a bhain mé den cheacht sin is ea... Tá sé sin fóinteach domsa toisc...

Modh mearthástála eile is ea an soilsiú tráchta faoi mar a léirítear thíos:

*Ní thuigim an méid seo go fóill*

1

2

*Tá tuiscint áirithe agam ach teastaíonn go leor cúnaimh eile uaim*

3

4

5

*Táimse cuibheasach muiníneach ach ba mhaith cleachtadh a dhéanamh*

6

7

8

9

*Tuigimse é seo go maith agus d'fhéadfaí é a mhúineadh do dhuine éigin eile*

10

### Acmhainní úsáideacha eile

Tá smaointe praiticiúla chun cuidiú leat do chleachtais mheasúnaithe leanúnacha a fhorbairt ar fáil **anseo**. Díritear na leabhráin sin ar cheistiú éifeachtach, aiseolas foirmitheach, tacú le machnamh an scoláire, cuspóirí foghlama agus critéir ratha a shocrú agus na torthaí foghlama a phleanáil.

Moltar sna **leideanna** seo (ar fáil ó **<https://www.ourvoicesourschools.ie/>**) roinnt bealaí inar féidir guth an scoláire a chloisteáil i gcleachtais mheasúnaithe leanúnacha.

## Cuir chuige chruthaitheacha i leith measúnú in OSPS/OCG

### Measúnú suimitheach nasctha leis na critéir ratha

I dteannta leis na cuir chuige don mheasúnú atá molta thuas, ní foláir do mhúinteoirí OSPS freisin gníomhaíochtaí measúnaithe foirmiúla a phleanáil le tástáil a dhéanamh ar fhorás an scoláire chun na cuspóirí foghlama a ghnóthú i ndáil le sraith ceachta nó aonad foghlama.

Is gá tascanna measúnaithe saibhre a phleanáil chuige sin mar chuid de do phleanáil don teagasc agus foghlaim, comhroinnt na dtorthaí foghlama agus na gcuspoirí foghlama leis an scoláire, agus aontú ar an gcaoi a léireoidh do scoláire a fhoghlaim, rud a bheidh nasctha leis na critéir ratha. Chun treoir a fháil maidir leis an gcaoi chun teagasc, foghlaim agus measúnú a phleanáil trí leas a bhaint as torthaí foghlama, cuspóirí foghlama agus critéir ratha gabh chuig [Dírú ar an bhFoghlaim](#).

Is féidir leas a bhaint as toradh na measúnuithe sin chun tacú le comhráite le do scoláire faoina chuid foghlama agus chun tuairisciú ar fhorás agus gnóthachtáil scoláire do thuismitheoirí/chaomhnóirí.

### Piarmheasúnú agus féinmheasúnú

Is modhanna measúnaithe fíorchumhachtacha iad an piarmheasúnú agus an féinmheasúnú lena ngníomhachtaítear an scoláire mar acmhainní foghlama dó féin agus do na scoláirí eile. Tugtar deiseanna leis an aiseolas dea-bhainistithe ó chomhscóláirí don fhoghlaim chomhoibríoch in OSPS agus tógtar na scileanna leis freisin a theastaíonn ó scoláire le bheith in ann measúnú a dhéanamh ar a chuid oibre féin.

Le bheith rathúil, beidh na nithe seo a leanas de dhíth air:

- soiléire maidir leis na critéir ratha don phíosa oibre á phlé
- cleachtadh (faoi stiúir múinteora trí chóitseáil, samhaltú agus aiseolas foirmitheach)
- roinnt treorach faoin gcaoi chun aiseolas dearfach a thabhairt do chomhscóláirí.

### Bealaí le guth agus rogha an scoláire a chumasú

Is féidir é sin a bhaint amach

- trí chuireadh a thabhairt d'ionchur ó scoláire faoi méid agus faoin gcaoi a ndéanfar measúnú ar ábhar. Céard a dhéanfaidh/scríobhfaidh sé? Cén chaoi a gcuirfidh sé i láthair a fhoghlaim – ó bhéal, i scríbhinn, go físiúil, bunaithe ar na healaíona, srl.?
- trí rannpháirtíocht an scoláire a fháil le dearadh na dtascanna measúnaithe
- trí chuireadh a thabhairt don scoláire critéir ratha a chomhchruthú agus an chuma a bheadh ar phíosa oibre den scoth a phlé leis
- trí phlé a dhéanamh leis an scoláire faoin gcaoi ar mhaith leis fianaise a léiriú ar a fhoghlaim – i scríbhinn, ó bhéal, go físiúil, go hilmhódach?
- trí chur le scileanna an scoláire sa phiarmheasúnú agus san fhéinmheasúnú
- trí aontú le do scoláire faoin gcaoi a dtabharfar agus a mbainfear leas as aiseolas leis na chéad chéimeanna eile a phleanáil
- trí sheiceáil a dhéanamh leis faoi na cineálacha teagaisc, foghlama agus measúnaithe is fearr a thacaíonn lena fhoghlaim.
- ceadú do mheascán den mheasúnú laistigh den rang agus de thascanna measúnaithe baile
- ceadú do mheascán de thascanna aonair agus meithle/beirteanna

### Topaicí ábhartha eile:

Guth an Scoláire in OSPS

Ag tacú le machnamh an scoláire in OSPS

Cuir chuige oideolaíochta éifeachtacha